**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

---

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

---

# LÉANN CLASAICEACH — GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

---

DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

---

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar a leanas:

  Grúpa I : Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:
  Ní mór topaic amháin a ghlacadh as **gach grúpa ar leith,** agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as **aon cheann** de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar, a bhfuil **X** marcáilte air, atá ina theannta seo.

## GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Cad iad na fáthanna a bhí leis an gCogadh Peilpinseach? (50)

(ii) Chuir na Spartaigh léigear ar bhaile Plataea i 429 R.Ch.

(*a*) Cur síos a dhéanamh ar cé mar a d'éirigh leis na Plataeigh na Spartaigh a choimeád amach chomh fada sin. (35)

(*b*) Cé mar a tháinig an léigear chun críche faoi dheireadh? (15)

(iii) 'Bhí cúiseanna áititheacha ag gach taobh acu mar sin le síocháin a dhéanamh.' (Tuicididéas)

Luaigh na fáthanna a bhí ag na Spartaigh **agus** ag na hAithnigh le bheith toilteanach síocháin a dhéanamh (i.e. Síocháin Nicias) i 421 R.Ch. (50)

(iv) 'Chuaigh an chuid eile de na daoine, is é sin le rá beagnach gach uile dhuine san Aithin, síos go Piréas ina dteannta.' (Tuicididéas)

(*a*) Cad a mhothaigh na daoine agus iad ag féachaint ar an tSluaíocht chun na Sicile á cur chun siúil? (25)

(*b*) Déan cur síos ar a raibh le feiceáil sa chuan agus cabhlach na hAithne ag déanamh réidh le cur chun na farraige. (25)

---

**Topaic 2. Alastar Mór. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (*a*) Mínigh an tSnaidhm Ghoirdiach. (15)

(*b*) Cé mar a thug Alastar an dúshlán a bhí i gceist sa tSnaidhm Ghoirdiach? (35)

(ii) Cad iad na nithe is mó a thuilleann do mheas ar Alastar mar thaoiseach agus mar dhuine? (50)

(iii) (*a*) Cur síos a dhéanamh ar cé mar a fuair dlúthchara Alastair, Hephaestion, bás. (25)

(*b*) Cuntas a thabhairt ar iompar Alastair tar éis do Hephaestion bás a fháil. (25)

(iv) (*a*) Cén fáth ar oir láthair chath Issus níos mó d'arm Alastair ná mar a d'oir an láthair sin d'arm na bPeirseach? (15)

(*b*) Cur síos gairid a dhéanamh ar cé mar a troideadh an cath. (35)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Cuntas achomair a thabhairt ar ghníomhréim Phoimpéis anall go dtí an t-am a d'fhág sé an Spáinn chun cath a chur ar Shertorius. (50)

(ii) 'De réir dlí níl sé ceadaithe d'fhear a bheith i láthair ag na deasghnátha ná fiú a bheith sa teach ina mbíonn siad ar siúl.' (Plútarc, *Beatha Chaesair*)

(*a*) Cur síos a dhéanamh ar ar tharla nuair a bhris Clodius isteach ar fhéile na mban. (35)

(*b*) Cad a tharla ag triail Chlodius? (15)

(iii) Déanann litir Chiceareó chuig Atticus cur síos ar chuairt a thug Caesar agus a lucht leanúna ar Chiceareó i 45 R.Ch.
Inis go hachomair cé mar a réitigh Caesar agus Cicearó le chéile i rith na cuairte seo. (50)

(iv) 'Ba chuid suntais é an bua a bhí aige chun bá a chuid saighdiúirí a thuilleamh agus chun iad a chur chun a ndíchill.' (Plútarc)

(*a*) Tabhair roinnt samplaí de na gníomhartha gaile a rinne saighdiúirí Chaesair ar a shon. (40)

(*b*) Cé mar a spreag Caesar an sprid seo na crógacta agus cé mar a chúitigh sé í? (10)

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) 'Mar sin féin, lean an líomhain de gurbh fhear mór ban a bhí ann.' (Suétonius, *Ágastas*)
Cad atá le rá ag Suétonius faoi Ágastas agus na mná? (50)

(ii) Déanann Tacatas agus Suétonius araon tagairt don drogall agus leisce a bhí ar Thibéirias dualgais an impire a ghlacadh.

Cén míniú a thugtar ar a iompar? (50)

(iii) 'Faoi dheireadh thug Ágastas cúl lena chara, Marcas Antaine. Cairdeas ar éigean a bhí eatarthu riamh agus ba ghá i gcónaí a bheith á tharrtháil.' (Suétonius, *Ágastas*)

Cuntas a scríobh ar cé mar a réitigh an bheirt fhear le chéile. (50)

(iv) Cur síos a dhéanamh ar cé mar a chaith Tibéirias le hAgrippina, baintreach Ghermanicus, agus lena páistí. (50)

---

**GRÚPA II: Topaicí 5 go 7**

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Nuair a chuireann Éadapús i leith Chréóin a bheith ag beartú oilc ina choinne, cé mar a dhéanann sé (Créón) é féin a chosaint? (50)

(ii) (*a*) Inis cé mar a áiteann Méide ar Iasón bronntanais a thabhairt chuig a bhean nua, an bhanphrionsa Glauce. (30)

(*b*) Cén úsáid a bhaineann Méide as a páistí san agallamh seo le Iasón? (20)

(iii) In *Éadapús Rí* le Sofaicléas, an aontófá gurbh iad na déithe a bheartaigh aimhleas Éadapúis agus gurbh iad a tharraing a aimhleas air? (50)

(iv) Inis go hachomair an tuairisc a thug an teachtaire ar bhás Ghlauce agus a hathar, Créón, in *Méide* le hEoiripidéas. (50)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (*a*) Cur síos a dhéanamh ar cé mar a tháinig Odaiséas agus a chuid fear slán agus iad ag seoladh thar na Síréanaí. (40)

(*b*) Cad a chuireann an eachtra seo in iúl dúinn faoi Odaiséas? (10)

(ii) (*a*) Cad air a bhfuil cion agat in iompar Odaiséis san eachtra a bhain dó leis na Cioclóip? (40)

(*b*) An gcuirfeá an milleán in aon chor ar Odaiséas mar gheall ar ar tharla? (10)

(iii) 'Nuair a bhí a bás beartaithe aici, shocraigh sí féin i dtosach, ina haonar, an t-am agus an modh.' (Veirgil, *Aéinéid* IV)

(*a*) Cuntas a thabhairt ar cé mar a bheartaigh Díodó a bás féin agus mar a chuir sí an féinmharú i gcrích. (40)

(*b*) Léirigh go hachomair an tslí ina ndéanann Veirgil díol trua chomh géar sin dá bás. (10)

(iv) An n-aontófá gur laoch níos spreagúla é Odaiséas ná Aéinéas? Cuir fáthanna mar thaca le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Pléigh dearcadh Phropertius ar an ngrá sna dánta atá ar do chúrsa. (50)

(ii) (*a*) I *Cogaíocht na n-Aicmí* le Livias, cé mar a d'áitigh Menenius Agrippa ar na cathróirí pleibeacha filleadh ar an Róimh? (30)

(*b*) '… bhí giúistísí dá gcuid féin le bheith ag na ngáthchathróirí.'

Nóta gairid a scríobh ar na giúistísí seo. (20)

(iii) (*a*) Cur síos a dhéanamh ar theagmháil Horáit leis an liostachán sa dán *An Liostachán*. (40)

(*b*) Cé mar a dhéanann Horáit ceap magaidh de féin sa dán seo? (10)

(iv) (*a*) Cur síos a dhéanamh ar a bhfuil le feiceáil ag Aéinéas agus an tSibille agus iad ag déanamh ar abhainn an Stiocs i *An Domhan Íochtarach* le Veirgil. (30)

(*b*) Cén míniú atá ag an tSibille ar an radharc seo? (20)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) I **bhFótagraf A** ar **Pháipéar X** taispeántar an bonnchló de theampall Aitéiné Niké.

(*a*) Cá bhfuil an teampall seo suite? (10)

(*b*) Ainmnigh **dhá** fhoirgneamh eile atá ar an láthair chéanna. (15)

(*c*) Déan cur síos iomlán ar theampall Aitéiné Niké. (25)

(ii) I **bhFótagraf B** ar **Pháipéar X** taispeántar déithe agus bandia as fríos an Phartanóin.

(*a*) Cá háit i dteampall an Phartanóin a raibh an fríos? (10)

(*b*) Déan cur síos ar a bhfuil le feiceáil ar an fhríos. (20)

(*c*) Scríobh nóta ar ar éirigh leis an dealbhóir a dhéanamh sa chuid den fhríos a thaispeántar i **bhFótagraf B.** (20)

(iii) (*a*) Ainmnigh an dealbh a thaispeántar i **bhFótagraf C** ar **Pháipéar X.** (10)

(*b*) Cén tréimhse den dealbhóireacht lena mbaineann an dealbh? (10)

(*c*) Cad a léiríonn go bhfuil sí seo ar 'cheann de na dealbha bunúsacha cré-umha Gréagacha is breátha dá bhfuil ar fáil sa lá atá inniu ann' (Richter)? (30)

(iv) Scrúdaigh **Fótagraf D** ar **Pháipéar X.**

(*a*) Cad a thaispeántar sa dealbhóireacht seo? (10)

(*b*) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann sí? (10)

(*c*) Deir Richter gur mhian le healaíontóirí na tréimhse seo léiriú a dhéanamh ar 'luail ag gabháil i dtreoanna codarsnacha éagsúla, ar uigeacht agus ar fhillte iomadúla éadaí agus na pearsantacha agus na mothúchán daonna.'

Tuairisc a thabhairt ar an dealbhóireacht seo i bhfianaise a bhfuil á rá ag Richter. (30)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) 'Cuirimis i gcás gur mar seo a leanas atá cúrsaí ar bord loinge nó ar bord longa.' (Platón, *An Phoblacht*)

(*a*) Cé mar a fhorbraíonn Socraitéas an tsamhail seo mar gheall ar an long agus an Captaen Mara? (40)

(*b*) Cad a chuireann an tsamhail seo in iúl dúinn faoi dhearcadh Phlatóin ar an daonlathas? (10)

(ii) 'Tá na Taoisigh agus na Cuiditheoirí chun saol tíosach simplí a chaitheamh.' (Platón, *An Phoblacht*) Tuairisc a thabhairt ar an saghas saoil a leagann Socraitéas amach do na Taoisigh agus na Cuiditheoirí atá i gceist aige. (50)

(iii) Deir Socraitéas go bhfuil dhá rud ann, is iad sin an rachmas agus an bochtanas a d'fhéadfadh an Tríú hAicme aige (an lucht oibre) a mhilleadh agus a thruailliú.

(*a*) Cén míniú a thugann sé ar an ráiteas seo? (35)

(*b*) Cén fáth a mbeidh an stát idéalach atá i gceist aige stáit atá i bhfad níos saibhre a threascairt i gcogadh? (15)

(iv) Rianaigh cé mar a dhéanann Socraitéas an tuairim seo dá chuid a chosaint: 'ba cheart do na fir agus do na mná na gairmeacha beatha céanna a chleachtadh in ainneoin na ndifríochtaí móra atá eatarthu ó nádúr.' (Platón, *An Phoblacht*)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (*a*) Taispeántar cuid de shéadchomhartha i **bhFótagraf E** ar **Pháipéar X.** Ainmnigh an séadchomhartha seo. (10)

(*b*) Céard a tharla sa stair a bhfuil a thuairisc sa séadchomhartha seo? (10)

(*c*) Cé mar a thug an t-ealaíontóir tuairisc leanúnach sheicheamhach dúinn ar ar tharla? (10)

(*d*) Bain úsáid as **Fótagraf E** chun léiriú a dhéanamh ar thuairim Wheeler: 'Le fírinne, tá an pheirspictíocht ar fad trína chéile.' (20)

(ii) Taispeántar busta den Impire Commodus (180 – 193 A.D.) i **bhFótagraf F** an **Pháipéar X**.

(*a*) Cuirtear an tImpire i láthair faoi mar a bheadh sé ina laoch den mhiotaseolaíocht. Ainmnigh an laoch sin agus cuir fáthanna le do fhreagra. (15)

(*b*) Cén saghas íomhá de féin i do thuairimse, a theastaigh ón Impire a chur i láthair leis an mbusta seo? (15)

(*c*) Cé mar a d'éirigh leis an dealbhóir a thabhairt le tuiscint go bhfuil an tImpire uaibhreach agus baineanda? (20)

(iii) (*a*) Céard atá ar siúl i **bhFótagraf G** ar **Pháipéar X** a bhfuil stair ag baint leis? (10)

(*b*) Ainmnigh go cruinn an té atá i lár baill sa charbad agus an fear ar muin capaill in aice an chrainn. (20)

(*c*) Cé mar a d'éirigh leis an ealaíontóir gleo an chatha agus coimhlint dhrámata na beirte fear a chur in iúl dúinn? (20)

(iv) (*a*) Ainmnigh an foirgneamh a thaispeántar i **bhFótagraf H** ar **Pháipéar X**. (10)

(*b*) Tuairisc a thabhairt ar úsáid na háirse i dtógáil an fhoirgnimh seo. (25)

(*c*) Nóta gairid a scríobh mar gheall ar na colúin atá lasmuigh den fhoirgneamh. (15)


---

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**


LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR X


## A





## B




**C**




**D**



**E**



**F**





G

H



Baineadh Fótagraif A, B, C agus D as *A Handbook of Greek Art*, G. Richter, Phaidon Press, 4th Edition 1995
Baineadh Fótagraif E, F, G agus H as *Roman Art and Architecture*, M. Wheeler, Thames and Hudson, London 1964